

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA



Bliain úr mhaith daoibh uilig! Tá muid ag súil go mór leis an bhliain amach romhainn agus go leor ag tarlú cheana féin.



€280,000 bronnta ar 44 ealaíontóir Gaeltachta

Is faoin Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí 2021 a bhronn Ealaín na Gaeltachta maoiniú ar 44 ealaíontóir sa Ghaeltacht le déanaí. Ina measc, tá scríbhneoirí, ceoltóirí, amharc-ealaíontóirí, rinceoirí, scéalaiithe, lucht drámaíochta agus scannán, ealaíontóirí bunaithe agus ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn sna healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha.

Tacóidh na sparánachtaí seo leo saothar nua a fhorbairt, tabhairt faoi thaighde, a gcleachtas a fhorbairt agus, nuair is féidir, tabhairt faoi thréimhsí cónaitheacha. Tá lúchair orainn gur féidir linn tacú le healaíontóirí ag chuile céim dá gcleachtas agus dá bpróiseas ealaíona.

Tá fáilte mhór curtha ag Micheál Ó Fearraigh, feidhmeannach forbartha Ealaín na Gaeltachta, roimh torthaí na Scéime Sparánachta i mbliana: "Gan ealaíontóirí, ní bheidh aon ealaín ann. Tá tuiscint mhór againn ar cé chomh lárnach is atá ealaíontóirí i saol na Gaeltachta. Is iad a spreagann muid agus a thugann radharc agus tuiscintí úra ar an saol dúinn. Tá sé rí-thábhachtach go dtacaímid leo, go háirithe san am seo nuair atá a slí beatha níos éiginnte ná mar a bhí riamh."

Tá Ealaín na Gaeltachta, le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta, ag tacú le healaíontóirí na Gaeltachta le breis is scór bliain. Tacaíonn an Scéim Sparánachta le ealaíontóirí gach bliain lena gcleachtas a fhorbairt.

Coimisiún: Ceangal Cwlwm III



Gla do Choimisiúin
Spríodhata sínithe go 7ú Eanáir 2022
Tuilleadh eolais: www.ceangalcwlwm.com

Tá an comhdháil amharclannaíochta Ceangal I Cwlwm III ag déanamh coimisiúniú ar sé phíosa nua oibre a chuirfear i láthair go digiteach ag ócáid ar líne in mí Márta/Aibreán 2021. Is éard is aidhm don choimisiún seo ná deiseanna cruthaitheacha ar bhonn íochta a chur ar fáil d'ealaíontóirí atá ag obair i nGaeilge, i nGaeilge na hAlban agus sa Bhreatnais.

Tá táille €2,400 ag dul leis an choimisiún chun píosa oibre a fhorbairt ar an téama "Teacht Aniar" agus a chur i láthair go digiteach. Tá síneadh ama curtha leis an spríodhata go dtí **7 Eanáir 2022 ag 5i.n.** Tuilleadh eolais - www.ceangalcwlwm.com

Cuireadh Chun Tairisceana: Drámaíocht don Óige

Tá Ealaín na Gaeltachta ag lorg iarratais ó ghrúpaí, eagraíochtaí, gnólaigh nó daoine aonarach a chun taighde agus iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le chlár phíolótach drámaíocht don óige a fhorbairt sa Ghaeltacht. Cuireann Ealaín na Gaeltachta fáilte roimh dheontas suas go €150,000 ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun an clár píolótach seo a fhorbairt.

Tabharfaidh an taighde forléargas ar staid reatha na drámaíochta don óige sa Ghaeltacht. Beidh moltaí agus treoir ag teastáil maidir le múnla agus cur chuige



chun go mbeadh sé ar chumas Ealaín na Gaeltachta clár agus imeachtaí a reáchtáil a bheidh ag teacht le dea chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Le breis eolais nó le haon cheisteanna maidir leis an gcuireadh seo a phlé, déan teagmháil le [Micheál Ó Fearraigh](mailto:m.fearraigh@udaras.ie).

Tá tuilleadh eolais faoin chuireadh chun tairisceana ar ár [suíomh](#).
Spríodhata le haghaidh iarratas: **10ú Eanáir 2022.**

Dath an Dóchais ar chamchuairt Gaeltachta in 2022



Tá rímead orainn go mbeidh Dath an Dóchais, a dhéanann ceiliúradh ar dhá scór amharc-ealaíontóir Gaeltachta, ar bhallaí timpeall na Gaeltachta an bhliain seo chugainn.

Beidh an taispeántas a oscailt ins An Gailearaí i nGaoth Dobhair ar an 17 Eanáir agus ag déanamh a bhealach síos an chósta go

Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí agus Corcaigh. Léiríonn an taispeántas fairsinge agus éagsúlacht na hoibre atá ar bun ag ealaíontóirí a bhfuil cónaí orthu sa nGaeltacht agus beidh glúnta éagsúla d'ealaíontóirí na Gaeltachta á cheiliúradh sa léiriú. Coinnigí súil amach do dhátaí ar shuíomh www.ealain.ie. Idir an dá linn tá blaiseadh de shaothar na n-ealaíontóirí le feiceáil sa chatalóg ar líne '[Dath an Dóchais](#)'.

Ealaíontóir neadaithe in Uíbh Ráthach

Tá sé fógartha ag Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh go bhfuil Marina Ní Dhubháin ceapaithe mar ealaíontóir neadaithe don togra Áit Ildánach Uíbh Ráthaigh. Is í bun-fócas an togra seo ná próiseas pobal-bhunaithe, atá nuálaíoch, cruthaitheach agus spreagúil, i dtreo fhís cuimsitheach dos na healaíona sa cheantar a fhorbairt dos na blianta amach romhainn. Tá rímead ar Ealaín na Gaeltachta tacaíocht a thabhairt don dtogra seo tríd Scéim Forbartha na nEalaíon, agus bheith páirteach sa ghrúpa oibre d'eagrais a thacóidh leis an dtionscadal. Tagann bunmhaoiniú an togra ón gComhairle Ealaíon.



Féilte 2022

Bígí ag súil le Tionól Nioclás Tóibín i nGaeltacht na nDéise ón 18-20 Feabhra, agus le Scoil Cheoil an Earraigh i gCorca Dhuibhne ón 23-27 Feabhra. Cuirigí sa dialanna anois iad, beidh tuilleadh eolais le theacht sa chéad eagrán eile den nuachtlitir.

Cuisele: Clár sna h-Ealaíona Dúchasacha don Óige

Athbhliain nua faoi mhaise dhaoibh go léir. Tá bliain úr ar an tairseach againn agus tá muid ag súil go mór leis na ranganna, ceardlanna, eachtraí agus imeachtaí a bhéas muid ag baint amach le chéile i 2022.

Tá gliondar orainn go mbeidh téarma a 2 ag tosnú ar ais aríst i gConamara, Árann & Dúiche Sheoigheach ón 10ú Eanáir ar aghaidh ón Luan go hAoine.



*Bí ag faire amach do Chuissele i 2022!
Athchláraigh anois. Ranganna Téarma 2 ag tosnú 10ú Eanáir!*



Beidh ranganna ar siúl 'sna hIonad seo a leanas:

- Seanscoil Shailearna
- Splanc ar an gCeathrú Rua (i gcomhpháirtíocht le Tuismitheoirí na Gaeltachta)
- Comhairle Ceantar na n-Oileán & Comharchumann Dúiche Sheoigheach

Tá teagascóirí den scoth againn ag teagasc ar an mbosca ceoil, consairtín, cruit, fidil, féadóg is ag teagasc amhránaíocht & damhsa ar an sean nós.

Má tá aithne agat ar dhaoine óga nó suim agat deiseanna a chur chun cinn i do cheantar dóibh, déan teagmháil linn. Tá scéimeanna againn chun tacaíocht a thabhairt do cheoltóirí, ealaíontóirí, grúpaí agus eagraíochtaí pobail chun tacú libh ranganna, ceardlanna, imeachtaí a chur ar fáil i do cheantar do dhaoine óga. Bí ag faire amach dos na scéimeanna maoinithe Nóta, Neartú & Treisiú i 2022.

Má tá tuilleadh eolas uait, téigh go dtí ár suíomh idirlíon ag: www.ealain.ie nó déan teagmháil linn ag: ealain@udaras.ie.

Guíonn muid chuile rath ar na páistí, deagóirí, tuismitheoirí, teagascóirí, cuntóirí ranga, comhordaitheoirí, coistí & eagraíochtaí a bhéas ag obair linn. Go n-éirí go geal libh.

Eolas úsáideach

Tá fáil mhaith ar níos mó imeachtaí ealaíona, ceardlanna agus achmhainní ar-líne anois ná mar a bhí riamh.

Tá acmhainní agus eolas a scaipeadh go rialta ag Theatre Forum, An Chomhairle Ealaíon, NCFA, Visual Artists Ireland, Journal Of Music, Create agus Thrive. Tá na himeachtaí seo agus gach eolas fúthu le fáil tríd a gcuid leathanaigh Facebook nó an suíomh, déan cliceáil thíos.

An Chomhairle Ealaíon



NCFA



Theatre Forum



Journal Of Music



Visual Artists Ireland



Music Network



An tIonad Cultúrtha, Baile Mhúirne

Tréimhse Cónaitheach



An Gailearaí

Dath an Dóchais

40 bliain d'fhisealaíontóirí sa Ghaeltacht



Amharclann Ghaoth Dobhair

Teach
Bernarda
Alba



Áras Éanna, Inis Oírr



Fíbín



Deiseanna

Scéimeanna Ealaín na Gaeltachta



Scéim Forbartha na nEalaíon

Deis forbairt a dhéanamh ar thionscnamh nó ghníomhachtaí ealaíon d'ardchaighdeán a chuirfear ar siúl sa Ghaeltacht.

Spriocdháta leanúnach. €15,000 an t-uasmhéid maoiniú.

Scéim Treisiú

Scéim maoinithe a chuireann tacaíocht aon-uair ar fáil do thograí agus do ghníomhachtaí sna healaíona dúchasacha, teangabhunaithe atá dírithe ar an óige. Tá an chiste seo oscailte do ghrúpaí agus do dhaoine aonair sna ceantair Gaeltachta le deis a thabhairt dóibh forbairt a dhéanamh ar thionscnamh agus ar ghníomhachtaí don óige.

Spriocdháta: Leanúnach



Scéim Neartú

Scéim do ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí le clár sna healaíona dúchasacha don óige a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gceantair Ghaeltachta nach bhfuil a mhacasamhail ann cheana féin.

Spriocdháta: Leanúnach

Scéim Nóta

Scéim do ghrúpaí agus daoine aonarach ar mhaithe le breis deiseanna don óige sna healaíona dúchasacha a fhorbairt taobh amuigh de sholáthar clár agus ranganna.

Spriocdháta: Leanúnach

Scéim Síol

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí ar suim leo mionthionscadail nó tosaíochta ealaíon a fhorbairt m.sh forbairt gairme agus oiliúint faoi leith, tacaíocht le seoladh dlúthdhiosca, réiteach taispeántais srl.

Spriocdháta: Leanúnach

Deiseanna Eile

An Chomhairle Ealaíon

Tá réimse deiseanna fógartha ag an Chomhairle Ealaíon chun tacú le healaíontóirí agus le heagrais ealaíona. Bígí ag faire amach do spriocdhátaí na scéimeanna áirithe.

Nuachtlitir na Comhairle Ealaíon

Maoiniú atá ar fáil faoi láthair:

- An Scéim Camchuirte is Scaipthe Saothair (2): **13 Eanáir 2022**
- Dámhachtan Liam O Flynn: **20 Eanáir 2022**
- Dámhachtan Lufaireachta: **3 Feabhra 2022**
- Na Scéimeanna Damhachtain: **3 Feabhra 2022**
- Dámhachtain Markievicz: **10 Feabhra 2022**
- Dámhachtain DEIS – taifeadta agus foilsithe: **17 Feabhra 2022**
- Dámhachtain Coimisiúin: **24 Feabhra 2022**
- Scéim na scríbhneoirí sna scoileanna: **Leanúnach**



Éigse Éireann

Deiseanna oiliúna, cúrsaí, comórtais, dámhachtainí, glaonna ar aighneachtaí, cónaitheachtaí agus deiseanna d'fhilí. Tá gach eolas fúthu ar shuíomh Éigse Éireann.

www.poetryireland.ie



Create Éireann

Is é Create an ghníomhaireacht forbartha náisiúnta do na healaíona comhoibríocha i gcomhthéacsanna sóisialta agus pobail in Éirinn. Is iad atá ag bainistiú Scéim Ealaíontóir sa Phobal leis An Chomhairle Ealaíon. Gach eolas faoi spriocdhátaí agus sraitheanna eagsúla an chlár ar fáil ag an nasc **anseo**. Acmhainní agus eolas ar fáil chomh maith ar www.create.ie



Public Art

Eolas ar dheiseanna coimisiúin faoin Scéim Céatadán don Ealaíon le n-aimsiú ar an suíomh www.publicart.ie

Deiseanna Eile

Tréimhse cónaitheach sa Centre Culturel Irlandais

Tá tréimhse cónaitheach d'ealaíontóir Gaeltachta sa Centre Culturel Irlandais i bPáras, atá a maoiniú ag Ealaín na Gaeltachta i gcomhar leis an Centre Culturel Irlandais, fógartha anois le spriocdháta ar an 12 Eanáir ag a 5i.n.

Don cúigiú bliain as a chéile, tá Ealaín na Gaeltachta ag obair i gcomhpháirt leis an Centre Culturel Irlandais chun tréimhse cónaitheach míosa a chuir ar fáil d'ealaíontóir Gaeltachta. Is féidir cuir isteach ar an ndeis seo ar [suíomh an CCI](#).

Scéim Deontas Ealaíon Comhairle Contae Chorcaí

Cuimsíonn an Scéim Deontas Ealaíon tacaíocht Maoinithe Ealaíon Ginearálta, Sparánachtaí Ealaíontóirí agus camchuirteanna agus taispeántais Idirnáisiúnta a bheidh ar siúl in 2023. Spriocdháta d'iarraitais 5:30pm, Dé Domhnaigh an **9 Eanáir**. Tuilleadh eolais ar an [suíomh](#).

Físín - Comórtas gearrscannánaíocht Gaeilge

An Chéad Céim Iontráil - Tá cuireadh a thabhairt duit smaoineamh a ghinfeadh scannán gairid Gaeilge a chur faoina mbráid.

Spriocdháta chun smaointe a bheith acu: 10ú Eanáir 2022.

Téigh chuig an leathanach [Facebook](#).

Scéim Deontas Ealaíon Comhairle Contae Chiarraí

Tá réimse deontais fógartha ag an Chomhairle Contae faoi láthair, an liosta iomlán mar aon le treoir le fáil ar an [suíomh](#).

Spriocdháta li.n. 17ú Eanáir

Deontaisí Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach Chiarraí

D'fhógair LCYP Chiarraí na deiseanna deontais seo a leanas do 2022

1. Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach Chiarraí – Scéim Deontais amharclann Óige 2021. Dáta Deiridh: **Dé hAoine 28th Eanáir 2022**.
2. Scéim Deontas Óige Cruthaitheach Dáta Deiridh: **Dé hAoine 7 Bealtaine 2022**

Gach eolas ar an [suíomh](#).

Eolas Fúinn



Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíona
r/p: m.fearraigh@udaras.ie t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht/Laighean
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie t: +353 (0)91 503100



Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie t: +353 (0)66 91 50100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Scahill
Comhordaitheoir Cuisle (páirt-aimseartha)
r/p: e.scahill@udaras.ie t: +353 (0)91 503100



Máire Ní Thuathail Uí Laoi
Riarthóir Cuisle
r/p: m.nithuathail@udaras.ie t: +353 (0)91 503100



Beartla Ó Flatharta
Comhordaitheoir Cuisle (clúdach saoire máithreachas)
r/p: b.oflatharta@udaras.ie t: +353 (0)91 503100



Údarás na
Gaeltachta



An Roinn
Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht